An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0002/2024**

Ciorclán chuig Údaráis Bainistíochta Bunscoileanna

# An tSamhail Leithdháilte do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta (SET) agus an leithdháileadh SET a ríomh do gach scoil ó scoilbhliain 2024/25 ar aghaidh go dtí go bhfógrófar a mhalairt.

## 1. Cuspóir an chiorcláin seo

Tá sé mar chuspóir ag an gCiorclán seo scoileanna a chur ar an eolas maidir le próifíl oideachais gach scoile agus an leithdháileadh SET a eascraíonn as sin a ríomh do scoilbhliain 2024/25 agus amach anseo.

Gheobhaidh gach scoil fógra ar ríomhphost maidir lena leithdháileadh SET do scoilbhliain 2024/25 sna laethanta seo amach romhainn agus ba cheart é a léamh i gcomhar leis an gciorclán seo.

## 2. Athbhreithniú ar shamhail leithdháilte SET

Tá samhail leithdháilte SET i bhfeidhm ó 2017 i leith agus tá na moltaí atá leagtha amach in "Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS 2014)" mar bhunús léi.

Chuir an Roinn tús le hathbhreithniú ar an tsamhail ag deireadh 2022 lena chinntiú go raibh sí ar freastal ar riachtanais a bhí ag athrú i réimse an oideachais speisialta.

Le linn an phróisis athbhreithnithe, lorg an roinn na tuairimí, na hábhair imní agus na fadhbanna a d'ardaigh ár gcomhpháirtithe oideachais agus ár scoileanna i dtaca leis an tsamhail atá ann cheana féin agus d'éist sí leo. Tharla an plé lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear ionadaithe foirne agus comhlachtaí bainistíochta, ar roinnt ócáidí chun aiseolas a fháil ar an tsamhail reatha agus chun eolas a chur ar na ceisteanna nár mhór dul i ngleic leo do shamhail leasaithe.

Aithníodh san athbhreithniú go raibh clár forbartha leanúnaí de dhíth lena chinntiú go raibh an tsamhail ag soláthar go héifeachtach, i dtaca le tacú leis na riachtanais sa chóras oideachais agus na riachtanais sin ag athrú agus i dtaca le scoileanna aonair.

Tá tús á chur leis an turas feabhais le leithdháileadh 2024/25 trína chinntiú go bhfuil bonn láidir faoi. Chun bonn láidir a thógáil, tá sé fíorthábhachtach a chinntiú go bhfuil na sonraí do gach colún sa tsamhail ar fáil cheana féin don roinn agus á soláthar ag scoileanna. I gcás go bhfaightear sonraí a úsáidtear sa tsamhail ó fhoinsí seachtracha, tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil an t-eolas á fháil ar bhonn comhsheasmhach.

**3. Cad iad na leasuithe atá á ndéanamh ar an tsamhail agus cén fáth a bhfuil siad á ndéanamh?**

a) Nuair a ullmhaíodh an tuarascáil tosaigh agus nuair a tugadh isteach an tsamhail, aontaíodh go ginearálta sa taighde go raibh leibhéal níos airde de riachtanas speisialta oideachais aitheanta i measc daltaí fireanna inár scoileanna. Mar thoradh air sin, cuireadh sciar sonrach de na huaireanta i bhfeidhm ar an gcohórt fireann de rollú scoile.

   Glactar leis anois go bhfuil leibhéal riachtanais atá mar an gcéanna ag daltaí baineanna agus, ina theannta sin, gur léir go bhfuil an riachtanas sin á léiriú féin ag céimeanna níos déanaí ina gcuid fáis agus forbartha.

   Mar gheall ar an méid atá thuas, tá deireadh á chur le feidhmiú na difreála inscne laistigh den tsamhail.

b) Bhí gné na riachtanas casta de leithdháileadh scoile, a tugadh isteach i samhail 2017, bunaithe ar sholáthar sonraí ó Fhoirne Líonra Míchumais Leanaí (CDNT) de chuid FSS maidir le leanaí a bhí ag dul isteach sna naíonáin shóisearacha le riachtanais speisialta oideachais agus a raibh measúnú déanta orthu nó a bhí triáiseáilte do liosta feithimh i gcomhair measúnú.

   San athbhreithniú, aithníodh ábhair imní maidir le cruinneas agus comhsheasmhacht na sonraí a sholáthair na CDNTanna ar bhonn náisiúnta. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh éagsúlachtaí suntasacha a bheith i gceist idir ceantar amháin sa tír agus ceantar eile. Ina theannta sin, ní féidir a dheimhniú cé acu an mbaineann na sonraí go léir a tuairiscíodh go hiomlán le riachtanas oideachais seachas le riachtanais chúraim, a gcuirtear acmhainní ar fáil dóibh trí phróiseas leithdháilte na gCúntóirí Riachtanas Speisialta, nó riachtanais leighis.

   **Lena chinntiú nach mbíonn tionchar diúltach ag na ceisteanna sin ar scoileanna, tá na huaireanta reatha go léir a shanntar do riachtanais chasta á gcoinneáil do gach scoil agus ní úsáidfear sonraí ar bith ó na**

**CDNTanna sa todhchaí mar luach sa tsamhail. Chun é sin a dhéanamh, tá an luach sin á ath-leithroinnt ag leibhéal na scoile aonair ar fud na gcolún atá fanta agus béim á leagan ar chatagóir na Litearthachta agus na hUimhearthachta ina léirítear an áit a dteastaíonn tacaíochtaí breise teagaisc. Neartaíonn an beart sin cumas na samhla leithdháileadh níos inbhuanaithe a thabhairt do scoileanna, ina n-aithnítear an áit a bhfuil riachtanais foghlama suntasacha.**

Chomh maith leis sin, le blianta beaga anuas agus an fás an-suntasach atá tagtha ar ranganna speisialta agus scoileanna speisialta nua á n-oscailt, tá líon suntasach daltaí a bhfuil riachtanais níos casta acu ag fáil tacaíochta sna suíomhanna sin. Cuirtear acmhainní ar fáil do na gnéithe sin de chontanam an tsoláthair oideachais ar leithligh ó shamhail SET.

Trí aghaidh a thabhairt ar an dá mhír thuas, cuirtear bonn láidir comhsheasmhach ar fáil chun forbairt agus feabhas a chur ar an tsamhail amach anseo, faoi mar atá léirithe i gcuid 15 thíos.

Ní thiocfaidh laghdú ar bith ar líon foriomlán na múinteoirí SET mar thoradh ar an tsamhail nua seo. Ina ionad sin, déanfar iad a leithdháileadh ar na scoileanna ina bhfuil an leibhéal riachtanas is mó.

## 4. An cuspóir atá le samhail leithdháilte SET ag leibhéal an chórais oideachais

Ceapadh samhail leithdháilte SET chun acmhainní teagaisc sa bhreis a dháileadh ar fud an chórais bunscoileanna go léir. Rinneadh é sin lena chinntiú go mbeadh acmhainní teagaisc sa bhreis ar fáil chun tacú le daltaí a bhfuil an leibhéal riachtanais foghlama is airde acu.

Tá leibhéal sainithe acmhainní ar fáil le dáileadh ar fud earnáil na mbunscoileanna ina hiomláine.

Tá sé tábhachtach a thuiscint go ndéantar acmhainní SET a dháileadh ar scoileanna bunaithe ar riachtanais foghlama ar fud an chórais go léir.

Sa bhabhta leithdháilte seo d'acmhainní SET ar scoileanna, beidh uaireanta sa bhreis á bhfáil ag roinnt scoileanna agus d’fhéadfadh sé go mbeadh níos lú uaireanta á bhfáil ag scoileanna eile.

Mar shampla, i gcás go bhfuil rolluithe scoile ag titim, d'fhéadfadh laghdú teacht ar a huaireanta SET. Sna cúinsí sin, déanfar na huaireanta sin a athdháileadh ar scoileanna a bhfuil a mbonn rollaithe ag fás.

Tá na sonraí go léir a úsáidtear sa tsamhail á bhfáil anois ó fhoinsí taobh istigh d'earnáil an oideachais agus dá bhrí sin tá siad bailíochtaithe agus dearbhaithe go hiomlán. Ní úsáidtear sonraí seachtracha ar bith laistigh den tsamhail seachas Innéacs [1]Díothachta HP [2], ar innéacs é a úsáideann na ranna rialtais go léir chun míbhuntáiste a shainaithint.

Ag leibhéal an chórais, déantar an huaireanta iomlána atá ar fáil a leithdháileadh ar an mbonn seo a leanas; 25% don Rollú, 68% do Phróifíl Riachtanas Oideachais agus an 6.5% eile chun tacú le Míbhuntáiste Oideachais. Déantar gach ceann díobh sin a phlé agus a mhíniú a bhealach níos mionsonraithe thíos.

Nuair a bhíonn na huaireanta leithdháilte mar thuas, déanann an tsamhail na hacmhainní sin a leithdháileadh ar scoileanna aonair bunaithe ar na hathruithe i ngach comhpháirt ón uair dheiridh a nuashonraíodh próifíl na scoileanna i mí an Mhárta 2022.

Tugann an tsamhail leithdháilte neamhspleáchas do scoileanna chun tacaíocht teagaisc sa bhreis a bhainistiú agus a imlonnú laistigh dá scoil, bunaithe ar na riachtanais foghlama aitheanta atá ag daltaí.

### 5. Conas a dhéantar próifíl scoile a fhorbairt?

Déantar próifíl uathúil oideachais a chruthú do gach scoil agus buntacaíonn **trí cholún** léi. Tugtar breac-chuntas thíos ar na sonraí a bhaineann le gach colún den phróifíl agus míniú ar ríomh gach ceann acu.

**Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh gach scoil;**

**Gur mar an gcéanna atá an ríomh agus na rialacha a fheidhmítear laistigh den tsamhail do gach scoil agus mar sin is léiriú fíor agus cruinn iad de na hionchuir sonraí do gach scoil.**

**Go bhfuil na sonraí go léir do gach colún infhíoraithe agus go bhfaightear iad ó laistigh den chóras oideachais nó gur sonraí iad a úsáideann na ranna rialtais go léir (innéacs HP).**

[1] Is é innéacs Díothachta HP Pobal an méadrach grádáin shóisialta is mó a úsáidtear in Éirinn, ar innéacs é ina dtugtar scór do gach ceantar beag (tuairim is 100 líon tí) maidir le rachmas nó míbhuntáiste. San innéacs, baintear úsáid as faisnéis ó dhaonáireamh na hÉireann, amhail fostaíocht, próifíl aoise agus gnóthachtáil oideachais, chun an scór sin a ríomh. Baineann gníomhaireachtaí stáit agus ranna rialtais éagsúla feidhm as an innéacs chun acmhainní a dhíriú ar na ceantair sin is mó gá.

[2] Pobal | Pobal Research | Pobal Jobs | Pobal Maps | Pobal Ireland

## 6. Cad iad na trí cholún a úsáidtear chun próifíl oideachais scoile a chruthú?

**Colún 1: Leithdháileadh Rollaithe** – an rollú iomlán sa scoil, a fhaightear ó POD.

**Colún 2: Próifíl Riachtanas Teagaisc Oideachais** – faightear í sin ó phróifíl litearthachta agus uimhearthachta na scoile mar a léirítear í sna scóir STen don Bhéarla/Ghaeilge agus don Mhatamaitic atá tuairiscithe ag an scoil.

**Colún 3: Míbhuntáiste Oideachais** – Is é an tInnéacs HP do Cheantair Bheaga de chuid Pobal, ar modh é chun rachmas nó míbhuntáiste coibhneasta ceantair tíreolaíochta ar leith a thomhas, an phríomhfhoinse sonraí, in éineacht le sonraí daltaí ó POD.

**<u>Tugtar cuntas níos mionsonraithe thíos ar gach ceann díobh sin thuas.</u>**

Tá sé tábhachtach a thuiscint gur ann do leithdháileadh foriomlán SET don scoil chun tacú leis na daltaí go léir a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aitheanta acu agus taifead orthu sin ina gcomhad tacaíochta agus tugtar na mionsonraí seo a leanas chun go dtuigfear go soiléir an bealach a ndéantar an figiúr a ríomh.

*Ciallaíonn sé sin nach mór do scoil a cuid uaireanta a leithdháileadh bunaithe ar riachtanais oideachais aitheanta a cuid daltaí agus gan é a dhéanamh bunaithe ar na trí cholún ar leith a úsáideadh chun an phróifíl a chruthú.*

## 7. Colún 1: Leithdháileadh Rollaithe

Aithnítear agus glactar leis go coitianta, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, go bhfuil riachtanas speisialta oideachais de chineál éigin ag tuairim is 25% den phobal foriomlán scoile.

Mar thoradh air sin, cuireann an tsamhail 25% d’uaireanta iomlána SET, atá ar fáil don chóras oideachais i bhfeidhm bunaithe ar líon na ndaltaí i ngach scoil. Tá sé tábhachtach a lua gur 25% den leithdháileadh foriomlán acmhainní atá ar fáil do na bunscoileanna náisiúnta ina n-iomláine laistigh d’earnáil na mbunscoileanna atá i gceist, seachas 25% de leithdháileadh scoile aonair.

Ciallaíonn sé sin go ndéantar 25% de na huaireanta SET go léir atá ar fáil d’earnáil na mbunscoileanna a leithdháileadh ar an gcolún sin laistigh den tsamhail. Mar shampla, má tá 200,000 uair sa leithdháileadh foriomlán náisiúnta do na bunscoileanna, tá 25% nó 50,000 uair ar fáil don leithdháileadh rollaithe lena leithroinnt ar na bunscoileanna go léir.

Déantar gné an rollaithe de leithdháileadh scoile (bunaithe ar scoil ina bhfuil 100 dalta) a ríomh mar seo a leanas:

**Bunscoil ina bhfuil 100 dalta**

50,000 uair (25% de na huaireanta go léir atá ar fáil) a roinnt ar 525,000 (rolluithe foriomlána) agus a mhéadú faoi 100 (rolluithe sa scoil) arb ionann é agus 9.52 uair slánaithe go dtí dhá ionad de dheachúlacha.

$$\frac{50{,}000}{525{,}000} * 100 = 9.52\, uair$$

Má thiteann an rollú go dtí 90, is é an ríomh ná 50,000 uair an chloig (25% de na huaireanta atá ar fáil) a roinnt ar 525,000 (rolluithe foriomlána) agus a mhéadú faoi 90 (rolluithe sa scoil) arb ionann é agus 8.57 uair slánaithe go dtí dhá ionad de dheachúlacha.

$$\frac{50{,}000}{525{,}000} * 90 = 8.57\, uair$$

Ar an mbealach céanna, má thagann ardú de 10 ar rollaithe is é an ríomh ná 50,000 uair (25% de na huaireanta atá ar fáil) a roinnt ar 525,000 (rolluithe foriomlána) agus a mhéadú faoi 110 (rolluithe sa scoil) arb ionann é agus 10.48 uair slánaithe go dtí dhá ionad de dheachúlacha.

$$\frac{50{,}000}{525{,}000} * 110 = 10.48\, uair$$

Ba cheart go gcuirfeadh sé sin roinnt deimhnithe ar fáil do scoileanna, i gcás go dtagann athrú ar a bpróifíl rollaithe gach bliain, go ndéanfar an leithdháileadh ón gcolún sin a choigeartú síos nó suas dá réir sin.

**Tá an Roinn tiomanta a áirithiú go ndéanfar na figiúirí rollaithe is déanaí do gach scoil a chur i bhfeidhm ar an tsamhail gach bliain. Is iad na sonraí a thuairiscíonn scoileanna mar chuid den phróiseas foriomlán a bhaineann le Tuairisceáin Dheireadh Fómhair, a úsáidfear.**

## 8. Colún 2: Próifíl Riachtanas Teagaisc Oideachais

Cé go soláthraíonn an chéad cholún den tsamhail leithdháileadh caighdeánach (chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanas teagaisc speisialta oideachais aitheanta agus taifeadta acu) do gach scoil bunaithe ar rolluithe, tá an chomhpháirt seo dírithe ar acmhainní SET a sholáthar do sciar níos lú den chohórt foriomlán daltaí.

Déantar próifíl na riachtanas Teagaisc Oideachais a ríomh bunaithe ar shonraí a bhaineann le torthaí oideachais a bhailítear agus a choinnítear i scoileanna agus a chuirtear chuig an Roinn Oideachais. Mar sin, tá comhchoibhneas díreach idir na próifílí agus na daltaí a bhfuil an leibhéal riachtanais is airde acu i réimse na litearthachta agus na huimhearthachta agus iad dírithe orthu siúd.

Faightear na sonraí chun tacú leis an gcolún seo ó thorthaí na dtástálacha caighdeánaithe a chuireann scoileanna isteach don Bhéarla agus don Mhatamaitic. I gcás scoileanna lán-Ghaeilge, úsáidtear meán thorthaí na dtástálacha caighdeánaithe sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa mhatamaitic chun próifílí na scoileanna aonair a chruthú.

Is táscaire iad torthaí na dtástálacha sin ar riachtanais teagaisc oideachais speisialta laistigh de scoil.

Déanann scóir STen 1,2, 3, 4 ar fud an Bhéarla/na Gaeilge agus na Matamaitice sainaithint ar dhaltaí a bhfuil a gcuid gnóthachtála faoin meán agus a bhféadfadh méid éigin de thacaíocht bhreise teagaisc a bheith de dhíth orthu.

**Déantar daltaí a mharcáiltear mar díolmhaithe (tuairim is 1% den phobal) a chur san áireamh mar STen 1 lena chinntiú go bhfaighidh an scoil leithdháileadh chun tacú leo.**

Go ginearálta, bheadh scóir STen 1 & 2 (díolmhaithe san áireamh) ailínithe le daltaí inár gcóras oideachais a bhfuil an leibhéal is airde de thacaíocht teagaisc de dhíth orthu.

Tá leithdháileadh na n-uaireanta atá ar fáil céimnithe bunaithe ar na scóir STen agus an leibhéal is airde á leithdháileadh ar aicme STen 1 & 2.

As iomlán na n-uaireanta SET atá ar fáil don chóras oideachais, leithdháiltear 68.5% de na huaireanta ar na príomhthomhais a bhaineann le 1. Litearthacht agus 2. Uimhearthacht, a dtagraítear dóibh mar phróifíl na Riachtanas Teagaisc Oideachais.

**Lena chinntiú nach bhfuil aon scoil ar leith faoi mhíbhuntáiste in aon bhliain ar leith, tá an leithdháileadh bunaithe ar mheán trí bliana de thorthaí STen (an dara, ceathrú agus séú rang) seachas ar bhliain aonair.**

**Is iad na sonraí STen a úsáidtear chun an leithdháileadh do gach scoil a chinneadh do scoilbhliain 2024/25 ná na torthaí do 2020/21, 2021/22 agus 2022/23.**

Déantar 68.5% den leithdháileadh iomlán uaireanta atá ar fáil do na bunscoileanna náisiúnta a leithdháileadh ar an gcolún seo. Tá sé sin ag teacht leis an tsamhail leithdháilte roimhe seo agus cuirtear san áireamh freisin na sonraí CDNT a úsáideadh roimhe seo le bonn láidir a chruthú chun dul i ngleic le riachtanais leanaí ar bhealach inbhuanaithe.

De bharr na castachta a bhaineann le sonraí a bhailiú le chéile ar fud blianta agus cineálacha tástálacha iomadúla (e.g. Droim Chonrach, Micra T etc.) chomh maith le trí cinn d’eatraimh thástála éagsúla (an dara, ceathrú agus séú rang), ní bheidh ar

chumas scoileanna an sciar sin dá leithdháileadh a ríomh go díreach. Mar léiriú, is féidir linn a rá, má tá 200,000 uair SET ar fáil lena ndáileadh ar fud an chórais, go mbeadh 137,000 uair (68.5% de 200,000) ar fáil le roinnt ar bhunscoileanna taobh istigh den cholún sin.

Braithfidh an fíorluach don phróifíl oideachais ar phróifíl STen na scoile aonair i gcomparáid leis an bpróifíl foriomlán náisiúnta, seachas é a bheith mar 68.5% de leithdháileadh scoile.

Déantar an 68.5% atá ar fáil don réimse sin den tsamhail a leithdháileadh ar leibhéal an chórais bunaithe ar an deighilt stairiúil ar thorthaí STen ó nuashonruithe a rinneadh ar phróifílí roimhe seo in 2022. Déantar na huaireanta arb ionann iad agus 68.5% de na huaireanta foriomlána a leithdháileadh ar fud na sé cinn de chatagóirí na “Litearthachta” agus na “hUimhearthachta” ar an mbealach céanna a ndearnadh é sin roimhe seo.

Is ionann é sin agus tuairim is 37.5% a bheith á chur i leith chatagóir na litearthachta agus 31% a bheith á chur i leith chatagóir na huimhearthachta.

Ó scoilbhliain 2024/25 ar aghaidh, beidh an t-athrú ar an leithdháileadh do scoil ar leith bunaithe ar mheán trí bliana de scóir STen. Ciallaíonn sé sin gur athruithe beaga a bheidh in athruithe ar bith a dhéanfar amach anseo agus go mbeidh siad céimnithe de réir mar a dhéantar próifílí scoileanna a nuashonrú gach bliain.

**Scoileanna Sóisearacha**

I gcás scoileanna sóisearacha nó scoileanna naíonán a bhfuil daltaí rang a dó acu agus a chuireann tástáil chaighdeánaithe i gcrích, is iad torthaí na dtástálacha na luachanna litearthachta agus uimhearthachta a chuirtear i bhfeidhm ar na scoileanna sin. I gcás scoileanna sóisearacha nó scoileanna naíonán nach bhfuil daltaí rang a dó acu agus dá bhrí sin nach bhfuil tástálacha caighdeánaithe curtha i gcrích acu, déantar ionchur na litearthachta agus na huimhearthachta a ríomh bunaithe ar phróifíl STen na scoile sinsearaí/na scoileanna sinsearacha a dtéann siad ar aghaidh chuici/chucu. Déantar an STen a leithroinnt ar an scoil sóisearach nó ar an scoil naíonán bunaithe ar an gcéatadán céanna de rolluithe i ngach catagóir STen sa scoil sinsearach/sna scoileanna sinsearacha atá bainteach leo. Cuirtear na torthaí comhiomlánaithe do thrí cinn de scoileanna sinsearacha ar a mhéad thar thréimhse trí bliana i bhfeidhm.

*Chun cothroime agus cothromas a chinntiú do na scoileanna go léir, ní chuirtear daltaí Úcránacha/IPAS díolmhaithe san áireamh sa ríomh do scoileanna a bhfuil acmhainní SET á bhfáil acu cheana féin tríd an bpróiseas Úcránach/IPAS ar leith i.e. Scoileanna a bhfuil breis agus deichniúr daltaí Úcránacha/IPAS rollaithe acu.*

## 9. Colún 3: Míbhuntáiste Oideachais

Sa cholún seo, dírítear ar thacaíocht do dhaltaí atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais. Tá sé cruthaithe i dtaighde a rinneadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, go bhfuil tionchar ag míbhuntáiste oideachais ar thorthaí do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Is cúinsí socheacnamaíocha iad na cúiseanna is mó atá le míbhuntáiste oideachais agus mar thacaíocht do scoileanna chun cúnamh a thabhairt do dhaltaí den chineál sin, cuirtear luach i bhfeidhm i gcás go bhfuil daltaí as ceantar atá faoi mhíbhuntáiste ag freastal ar scoil.

Is iad na sonraí a úsáidtear go fóill chun comhpháirt an mhíbhuntáiste oideachais de phróifíl na scoile na sonraí céanna a úsáideadh do Shamhail Sainaitheanta DEIS i.e. Sonraí Ceantair Bhig na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) mar atá léirithe in Innéacs Díothachta Haase- Pratschke (Innéacs HP) [3].

Is iad na príomhfhoinsí sonraí do bhunscoileanna ná an Bunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna (POD) agus sonraí de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) ón Daonáireamh Náisiúnta faoi mar atá léirithe in Innéacs HP Pobal do Cheantair Bheaga, ar modh é chun an rachmas nó an míbhuntáiste coibhneasta atá i gceantar geografach ar leith a thomhas.

Tá úsáid an Innéacs HP [4] i gcomhthéacs míbhuntáiste oideachais ag teacht leis an úsáid a bhaintear as i bpróiseas sainaitheanta DEIS agus leis an úsáid a bhaintear as ar fud réimse de ranna agus de ghníomhaireachtaí rialtais.

**Tá sé tábhachtach a thuiscint go bhfuil an leithdháileadh ón gcolún seo dírithe ar shonraí na ndaltaí seachas ar ainmniú scoile.**

Ciallaíonn sé sin go mbaintear leithdháileadh na n-uaireanta taobh istigh den cholún seo as próiseas ina ndéantar éirchóid daltaí ar leith a mheaitseáil leis an Innéacs HP do Cheantair Bheaga. Cinntíonn sé sin go dtugtar tacaíocht bhreise do scoil ar bith a rollaigh dalta(í) as ceantar atá faoi mhíbhuntáiste geografach.

Foilsíodh Innéacs Díothachta HP Pobal ar an 2 Samhain 2023 agus sainaithníodh ann go maireann 3.8% den phobal i gceantair a aicmítear mar cheantair atá go mór nó go han-mhór faoi mhíbhuntáiste.

Is ionann agus 6.5% den líon iomlán líon na n-uaireanta atá ar fáil don cholún seo den tsamhail agus táthar á choinneáil ag an leibhéal ag a bhfuil sé faoi láthair chun tacú le daltaí as cúlraí atá faoi mhíbhuntáiste.

---

[3] I measc na n-athróg a mbaintear feidhm astu chun an tInnéacs HP a chur le chéile, tá siad siúd a bhaineann le fás déimeagrafach, cóimheasa spleáchais, leibhéil oideachais, ráta na dtuismitheoirí aonair, róphlódú, aicme shóisialta agus rátaí gairme agus dífhostaíochta

[4] Pobal | Pobal Research | Pobal Jobs | Pobal Maps | Pobal Ireland

Tá sé tábhachtach a lua go bhfuil uaireanta leithdháilte ar na daltaí sin cheana féin mar chuid den dá cholún roimhe seo agus gur luach breise é seo chun tacú leis na daltaí sin is mó atá i mbaol.

Cé gurb ionann agus 6.5% na huaireanta iomlána atá ar fáil don chóras, braithfidh an sciar de leithdháileadh scoile ar phróifíl na leanaí atá ag freastal ar an scoil. i.e. má tá líon mór leanaí atá faoi mhíbhuntáiste i scoil, is dócha go mbeidh an luach mar sciar níos airde dá leithdháileadh agus, ar an taobh eile, mura bhfuil ach líon an-bheag leanaí atá faoi mhíbhuntáiste ag freastal ar scoil, beidh an luach sin mar sciar i bhfad níos ísle dá leithdháileadh.

### 10. Conas a dhíorthaítear an leithdháileadh foriomlán deiridh do gach scoil?

Tá an leithdháileadh iomlán do gach scoil bunaithe ar iomlán na dtrí cholún ar leith agus déantar é sin a shlánú go dtí an 2.5 uair is gaire.

### 11. Minicíocht an athphróifílithe ar shamhail SET

Tugadh isteach an tsamhail reatha um leithdháileadh SET in 2017 agus rinneadh nuashonrú ar phróifílí oideachais scoileanna in 2019 agus arís in 2022.

Go stairiúil, chiallaigh na heatraimh idir nuashonruithe ar phróifílí scoileanna go bhféadfadh sé nach raibh sé de chumas ag an tsamhail freagairt a mhéad ba ghá do riachtanais scoileanna, go háirithe scoileanna nua agus scoileanna a bhí ag forbairt.

Tá sé i gceist go mbeadh dhá thionchar ag an gcinneadh bogadh go dtí nuashonrú bliantúil ar phróifílí scoile.

a) Comhsheasmhacht agus cobhsaíocht níos fearr do scoileanna i dtaca lena leithdháileadh ó bhliain go bliain agus, leis an eolas ar gach colún thuas, tuiscint níos fearr do scoileanna ar athrú ar bith a d'fhéadfadh teacht ar an bpróifíl ó nuashonrú amháin go dtí an chéad nuashonrú eile.
b) Mar thoradh ar an athrú chuig próiseas bliantúil, beidh an tsamhail níos tuisceanaí maidir le hathruithe ar rollú agus ar phróifíl riachtanas teagaisc oideachais scoile ar leith agus cuirfear coigeartuithe i bhfeidhm ar bhealach níos tráthúla.

| |
|---|
| **Déanfar próifíl oideachais gach scoile a nuashonrú go bliantúil anois ó scoilbhliain 2024/25 ar aghaidh agus cuirfear leithdháiltí SET in iúl do scoileanna ar an dáta is luaithe is féidir gach bliain.** |

Ina theannta sin, ceadóidh sé do scoileanna úsáid a gcuid acmhainní a phleanáil ar bhealach níos éifeachtaí agus go mbeadh cobhsaíocht níos mó i leithdháiltí mar gur dócha go mbeidh laghdú mór ar an leibhéal athraithe sna leithdháiltí i gcomparáid le timthriall dhá bhliain. Bainfear úsáid sa tsamhail as an eolas is déanaí atá ar fáil

gach bliain. Mar sin féin, chun go mbeifear ábalta leithdháiltí SET a fhoilsiú níos luaithe, cuirfear na sonraí is déanaí atá ar fáil agus atá bailíochtaithe, ag an am a bhfuil na leithdháiltí a dtabhairt chun críche, i bhfeidhm.

## 12. Líonadh na bPost

Ba cheart poist Múinteoirí Oideachais Speisialta a líonadh de réir na socruithe foirne agus ath-imlonnaithe atá foilsithe agus a bheidh leagtha amach sa Sceideal don Soláthar Foirne i mBunscoileanna don scoilbhliain 2024/25.

## 13. Athbhreithniú ar leithdháileadh idir nuashonruithe bliantúla

Cuirtear leithdháileadh uaireanta (poist) SET in iúl do scoileanna mar chuid den chiorclán Bliantúil um shocrú soláthair foirne agus cuirtear in iúl é le ríomhphost ó CNOS.

Ba cheart do scoileanna tagairt a dhéanamh don chiorclán sin mar bhonn do ríomh leithdháiltí.

Ó scoilbhliain 2024/2025 ar aghaidh, déanfar athphróifíliú scoileanna ar bhonn bliantúil agus mar thoradh air sin beidh an tsamhail níos freagrúla i dtaca le hathruithe ar phróifíl scoile. Ní bheidh próiseas reatha CNOS maidir le hathbhreithniú eisceachtúil, a tugadh isteach chun aghaidh a thabhairt ar na heatraimh ama idir nuashonruithe próifíle (dhá bhliain nó níos mó), i bhfeidhm a thuilleadh.

Mar sin féin, is eol don Roinn go bhféadfadh cúinsí uathúla teacht chun cinn i scoil agus dá bharr sin go bhféadfadh gá a bheith le hathbhreithniú práinneach. I gcásanna den chineál sin, féadfaidh an scoil iarratas a dhéanamh ar an bpróiseas sin trí CNOS. Déanfaidh CNOS na hathbhreithnithe a reáchtáil, idir mí an Mhárta agus mí an Mheithimh gach bliain, chun deis níos fearr a thabhairt do scoileanna pleanáil do mhí Mheán Fómhair dár gcionn.

Tá sonraí maidir leis an bpróiseas **athbhreithnithe** níos cuíchóirithe sin de chuid **CNOS** ar fáil in Aguisín 1 thíos.

## 14. Beidh Treoir Bhreise ag teacht

Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na treoracha agus ar na ciorcláin atá ann cheana féin maidir le húsáid agus imlonnú acmhainní SET agus, i ndiaidh comhairliúchán le páirtithe leasmhara, eiseofar tuilleadh treorach do scoileanna i dtaca le himlonnú acmhainní roimh scoilbhliain 2024/25.

Is féidir teacht ar an treoir reatha ag an nasc seo a leanas;-
Treoirlínte do Bhunscoileanna .pdf (Gov.ie)

## 15. Forbairtí ar shamhail leithdháilte SET amach anseo

Mar a léiríodh níos túisce, beidh na leithdháiltí do 2024/25 dírithe ar bhonn cobhsaithe agus láidir a chruthú mar phointe tosaigh do threochlár d'fhorbairt leanúnach agus d'fheabhsuithe ar an tsamhail sna blianta seo amach romhainn.

Tuigeann an roinn, chomh maith leis na páirtithe leasmhara, gur gá go leanfadh an tsamhail ar aghaidh ag forbairt ionas go gcuirfear san áireamh i bpróiseas na leithdháiltí SET foinsí nua agus feabhsaithe i gcomhair sonraí agus athruithe eile taobh istigh de chóras na scoileanna.

Is maith is eol don roinn go bhfuil sonraí breise ar fáil i scoileanna aonair agus go mb'fhéidir nach mbeadh na sonraí sin ar fáil go seasmhach ar fud na scoileanna go léir agus díreofar aird ar leith sa treochlár ar chóras cruinn agus infhíoraithe a chruthú chun sonraí den chineál sin a ghabháil.

Tá plean céimnithe ardleibhéil curtha le chéile chun tuilleadh feabhais a chur ar an tsamhail sna blianta seo amach romhainn. Tá sé ar intinn ag an roinn dul i mbun tuilleadh comhairliúchán mionsonraithe lenár gcomhpháirtithe oideachais chun feabhsuithe ar an tsamhail amach anseo a fhorbairt. I dtús báire, díreofar ar réimsí amhail:

- Forbairt a dhéanamh ar phróiseas leasaithe chun achmhainní a chur ar fáil do scoileanna nua agus dóibh siúd atá ag céimeanna luatha na forbartha
- Córas a fhorbairt chun acmhainní a aistriú ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil bunaithe ar dhéimeagrafaic atá ag athrú
- Scrúdú ar scoileanna atá scoite amach go geografach
- Scrúdú ar thacair sonraí fhéideartha sa bhreis atá ar fáil cheana féin i scoileanna nó i réimsí eile taobh istigh de shuíomhanna na luathbhlianta, ar sonraí iad a d'fhéadfadh tacú le breis íogaireachta sa tsamhail.
- Pacáiste oiliúna agus tacaíochtaí a sholáthar maidir leis an gcontanam agus pasanna oideachais a úsáid.

I gcomhthéacs an oideachais ionchuimsithigh agus mar aitheantas don fhás suntasach atá tagtha ar ranganna speisialta agus ar scoileanna speisialta, tá tuilleadh oibre de dhíth chun breithniú a dhéanamh ar acmhainní SET agus scoileanna/ranganna speisialta chun ailíniú a dhéanamh le riachtanais na leanaí go léir.

**I gcéimeanna breise, tá sé i gceist go scrúdódh an roinn, i gcomhairle leis na comhpháirtithe oideachais, próiseas um fheabhsú leanúnach trínar féidir breis ionchuir a thabhairt do scoileanna i dtaca leis an riachtanas ina scoil féin a shainaithint ar an mbealach is éifeachtaí is féidir.**

**Aguisín 1**

Caithfear a léiriú go raibh tionchar suntasach ag na cúinsí uathúla nach rabhthas ag súil leo ar an scoil, sa mhéid go bhfuil sé soiléir nach féidir leis an scoil freastal ar riachtanais chohórt iomlán na ndaltaí, fiú nuair a rinneadh na hacmhainní go léir a bhí ann cheana féin a bhainistiú agus a imlonnú go hiomlán agus go héifeachtach. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thaispeáint, ag léiriú nach bhfuil sé d'acmhainn ag an leibhéal foriomlán den leithdháileadh um theagasc oideachais speisialta sa scoil seo freastal ar an riachtanas breise seo.

Ba cheart go mbeadh scoileanna ábalta a léiriú go bhfuil a gcuid leithdháiltí á n-imlonnú acu i gcomhréir le ciorclán 13/2017 agus gur úsáid siad na ceistneoirí féinmhachnamhacha (Treoirlínte do Bhunscoileanna) agus na hábhair thacaíochta a soláthraíodh roimh phróiseas athbhreithnithe ar bith.

Ba cheart go mbeadh riachtanais oiliúna agus tacaíochta ar bith atá ar fáil ó CNOS agus/nó ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) sainaitheanta agus iarrtha ag scoileanna cheana féin.

**An Próiseas**

Chun an t-athbhreithniú a iarraidh, ba cheart don scoil an fhoirm iarratais ar shuíomh gréasáin CNOS a chomhlánú agus a hiarratas a chur isteach trí thairseach na scoile.

Déanfaidh painéal inmheánach de chuid CNOS an t-iarratas a bhreithniú agus cinnteoidh sé go bhfuil an cás uathúil léirithe go soiléir ag an scoil agus go bhfuil fianaise shoiléir léirithe aici nach bhfuil sé d'acmhainn ag an leibhéal foriomlán den leithdháileadh um theagasc oideachais speisialta sa scoil seo freastal ar an riachtanas breise sainaitheanta seo.

D'fhéadfadh ceithre thoradh a bheith ar athbhreithniú:

1. Gan aon fhianaise ar chúinse uathúil - ní rachaidh an t-athbhreithniú chun cinn
2. Cuairt ó chomhairleoir chun tacú leis an scoil maidir le himlonnú na n-acmhainní Reatha
3. Athbhreithniú deisce agus moladh á dhéanamh do RO
4. Athbhreithniú ionscoile agus an toradh á chur in iúl do RO agus don scoil

Tá CNOS tiomanta do fhreagra tráthúil a thabhairt ar iarratas scoile ar athbhreithniú. De bhrí go dtarlóidh athphróifíliú scoile ar bhonn bliantúil, déanfaidh CNOS athbhreithnithe ar feadh tréimhse shocraithe ama gach bliain acadúil. Piocfar an t-am sin lena chinntiú go n-éascófar scoileanna maidir le baill foirne a fhostú don bhliain acadúil dár gcionn ar bhealach tráthúil.

In athbhreithniú ar bith, ní dhéanfar breithniú ach amháin ar riachtanais an chohóirt daltaí nár cuireadh san áireamh sa phróifíliú scoile deiridh.

Is samplaí iad seo a leanas de chúinsí uathúla nó de chúinsí nach raibh súil leo agus a chuaigh i gcion go suntasach nó a raibh tionchar suntasach acu ar phróifíl scoile agus a bhféadfaí iad a mheas mar chúis le hathbhreithniú.

- Tháinig athruithe an-suntasach agus láithreach ar an bpobal áitiúil in achar an-ghearr. Mar shampla, méadú suntasach ar infhaighteacht tithíochta sóisialta nó oscailt ionaid do dhaoine gan dídean agus mar thoradh air sin go bhfuil líon mór leanaí a bhfhuil riachtanais speisialta oideachais acu ag rollú i scoil. Dá bharr sin, beidh ardú suntasach tagtha ar fhigiúirí rollaithe scoile. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thaispeáint, ag léiriú nach bhfuil sé d'acmhainn ag an leibhéal foriomlán den leithdháileadh um theagasc oideachais speisialta sa scoil seo freastal ar an riachtanas breise sin.

- Tráma suntasach ag an leibhéal áitiúil a raibh tionchar suntasach aige ar riachtanais oideachais na ndaltaí sa scoil. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thaispeáint, ag léiriú nach bhfuil sé d'acmhainn ag an leibhéal foriomlán den leithdháileadh um theagasc oideachais speisialta sa scoil seo freastal ar an riachtanas breise sin.

- Ardú suntasach ar líon na ndaltaí a tháinig isteach nó ar an bpobal daltaí (naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó) ag leibhéal na bunscoile, ar daltaí iad a bhfuil an leibhéal riachtanais is airde acu ag teacht leis an gContanam Tacaíochta. Beidh fianaise de dhíth chun an leibhéal riachtanais a dheimhniú agus/nó go bhfuil rochtain ag na daltaí sin ar sheirbhísí nó go bhfuil siad ar liostaí feithimh do sheirbhísí. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thaispeáint, ag léiriú nach bhfuil sé d'acmhainn ag an leibhéal foriomlán den leithdháileadh um theagasc oideachais speisialta sa scoil seo freastal ar an riachtanas breise sin.

- Scoileanna atá ag forbairt agus ar tháinig fás suntasach ar a rollú bunaithe ar an rollú an bhliain roimhe sin. Ba cheart don scoil fianaise shoiléir a thaispeáint, ag léiriú nach bhfuil sé d'acmhainn ag an leibhéal foriomlán den leithdháileadh um theagasc oideachais speisialta sa scoil seo freastal ar an riachtanas breise seo.

**Ní mheastar gur cúiseanna le hathbhreithniú a dhéanamh iad na Cúinsí seo a leanas:**

- Iarratais bunaithe ar chomparáidí le leithdháiltí a tugadh do scoileanna eile.

- Scoil ar bith a bhfuil a rollú ag laghdú.

- Iarratais bunaithe ar shonraí uasdátaithe, lena n-áirítear sonraí rollaithe, nó sonraí breise, nach de chineál eisceachtúil iad, a

bhféadfadh sé gur cuireadh ar fáil iad i ndiaidh do phróifíl na scoile a bheith forbartha. Déanfar breithniú ar shonraí uasdátaithe do gach scoil mar chuid den chéad bheart athphróifílithe eile.

- Iarratais bunaithe ar shonraí breise nó malartacha a bhféadfadh scoileanna a mholadh go gcuirfí san áireamh iad, ach nach ndearnadh soláthar dóibh i bhforbairt phróifílí na scoile faoin scéim seo.

- Iarratais bunaithe ar chomparáidí idir an tsamhail nua leithdháilte agus an tsamhail leithdháilte a bhí ann roimhe seo, nó na leithdháiltí a d'féadfadh a bheith i bhfeidhm do scoileanna faoin tseansamhail dá gcuirfí tosca áirithe san áireamh amhail measúnuithe nua a tháinig chun cinn i ndiaidh do na leithdháiltí nua ar scoileanna a bheith déanta.

- Iarratais bunaithe ar sholáthar tacaíochta do leanaí ar leith ó laistigh den leithdháileadh iomlán.

- Táthar ag súil go dtiocfaidh roinnt athruithe ar rolluithe le linn na tréimhse ina mbeidh an phróifíl i bhfeidhm agus go mbeidh roinnt daltaí nua a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag rollú sa scoil le linn na tréimhse sin. Mar sin, ní mheasfar gur tarlú eisceachtúil nó cúinse eisceachtúil é sin agus ní cúis le hathbhreithniú a dhéanamh a bheidh ann.

- Táthar ag súil freisin go mbeidh roinnt daltaí ó laistigh den rollú reatha daltaí a mbeidh riachtanais nua-aitheanta acu. Mar sin, ní mheasfar gur tarlú uathúil nó cúinse eisceachtúil é sin agus ní cúis le hathbhreithniú a dhéanamh a bheidh ann.

**Oideachas Speisialta**

**Feabhra 2024**